GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(2023/C 274/13)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Algarve'

PGI-PT-A1448-AM01

Dáta cur i bhfeidhm: 13-3-2017

1. **Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

2. **Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú**

2.1. *Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir*

Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir a thabhairt cothrom le dáta.

Tá an fhaisnéis as dáta mar sin is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile – Sonraí an iarratasóra'.

2.2. *Faisnéis a bhaineann le páirtithe leasmhara*

Faisnéis a bhaineann le páirtithe leasmhara a scriosadh.

Mar gheall ar mhíthuiscint, iontráladh sonraí an iarratasóra sa réimse sin trí bhotún. Tá an fhaisnéis sin scriosta anois. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile – Páirtithe leasmhara'.

2.3. *Faisnéis a bhaineann le comhlachtaí rialúcháin*

Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí rialúcháin a thabhairt cothrom le dáta.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Tá an fhaisnéis as dáta mar sin is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile – Faisnéis a bhaineann le comhlachtaí rialál.

2.4. *Faisnéis a bhaineann le húdaráis mhaoirseachta inniúla*

Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla a thabhairt cothrom le dáta.

Tá an fhaisnéis as dáta mar sin is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile – Faisnéis a bhaineann le húdaráis mhaoirseachta inniúla'.

2.5. *Catagóir an táirge fíniúna – catagóir nua táirge fíniúna a chur leis*

Cuireadh an chatagóir 'Fíon súilíneach' leis.

Is é an rún luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a fheabhsú, trí iarratas a dhéanamh ar aitheantas dó faoi TGFC.

Tá an cineál sin táirge, a bhfuil clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shuaithinseacht, á dhéanamh ag na táirgeoirí cheana i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún. Leis an gcinneadh an táirge sin a áireamh faoi TGFC 'Algarve', admhaítear a thábhacht agus a cháilíocht agus an luach a thugann sé do tháirgeoirí.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha', 'Tuairisc ar an nasc (na naisc) leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise'.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

2.6. *Tuairisc ar na fíonta - Athbhreithniú ar an téacs maidir le saintréithe na bhfíonta agus na bhfíonta licéir*

Feabhsaíodh agus oiriúnaíodh an tuairisc ar na catagóirí fíona agus fíona licéir.

Sainaithníodh gur tuairisc ghinearálta a bhí sa tuairisc a bhí ann roimhe agus nach raibh sí sonrach go leor, mar sin oiriúnaíodh í chun na saintréithe atá comhlachaithe le táirgí a chumhdaítear le TGFC 'Algarve' a áireamh. Tá gá leis sin chun a áirithiú go ndéanann an doiciméad aonair agus an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: 'Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta) – catagóirí fíona agus catagóirí fíona licéir'.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta) – catagóirí fíona agus catagóirí fíona licéir'.

2.7. *Cleachtais fionóireachta – Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha – srian a bhaineann le fionóireacht*

Athrú ar an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte úrfhíonta le haghaidh gach catagóir táirge.

Táthar an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte na n-úrfhíonta a athrú le haghaidh gach catagóir táirge, mar fuarthas go raibh na figiúirí roimhe ródhian agus ní raibh an ceanglas seo ábhartha do shaintréithe de tháirgí fíniúna TGFC 'Algarve'.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

2.8. *Príomhchineálacha fíonchaor - cineálacha nua a chur san áireamh*

Ailíniú na gcineálacha fíonchaor i gcomhréir leis an liosta náisiúnta nua. Na cineálacha a cuireadh leis: Alvarinho, Bical - Borrado-das-Moscas, Carignan, Chambourcin, Chasselas, Chenin – Chenin-Blanc, Corropio, Códega-do-Larinho, Encruzado, Gewürztraminer, Gouveio, Larião, Manteúdo-Preto, Moscatel-Galego-Roxo - Moscatel-Roxo, Mourisco-Branco, Rabigato, Semillon, Sercial - Esgana-Cão, Tannat, Tinta-Miúda, Vinhão – Sousão, Viosinho agus Zinfandel.

Ba ghá na cineálacha atá sainithe maidir le táirgeadh fíonta i réigiún TGFC 'Algarve' a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta chun iad a thabhairt i gcomhréir le creat dlíthiúil nua an liosta náisiúnta cineálacha atá oiriúnach le haghaidh táirgeadh fíona sa Phortaingéil. Cuimsíodh leis sin cineálacha a bhíodh sa léarscáil chineálacha le haghaidh an limistéir gheografaigh, atá ábhartha maidir le saintréithe tháirgí TGFC 'Algarve' a shainiú. Níl aon athrú ar shaintréithe suntasacha tháirgí TGFC 'Algarve' i gceist leis an gcuimsiú sin; a mhalairt atá i gceist, is é an éifeacht a bhíonn aige go bhfeabhsaítear iad.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: 'Príomhchineálacha fíonchaoire'.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Cineálacha fíonchaoire'.

2.9. *Nasc leis an limistéar geografach – gach catagóir táirge*

Rinneadh oiriúnú ar an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach agus feabhsaíodh í.

Ós rud é gur suíodh an tuairisc a bhí ann roimhe seo ar an nasc leis an limistéar geografach (Catagóirí Fíona agus Fíona Licéir) a bheith ilchineálach agus doiléir, agus gur cheart tuairisc a dhéanamh freisin ar an nasc le haghaidh na gcatagóirí nua táirge (Fíon súilíneach), rinneadh athbhreithniú ar ábhar an phointe sin agus cuireadh na catagóirí táirge uile san áireamh. Leis sin feabhsaítear oibiachtúlacht an ábhair, mar go mbaineann an nasc leis an limistéar geografach leis na catagóirí go léir.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: 'Tuairisc ar an nasc (na naisc)'.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Nasc leis an limistéar geografach'

2.10. *Coinníollacha breise - Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe*

An srian ar dá réir nach mór táirgí TGFC 'Algarve' a phacáistiú laistigh den limistéar geografach a chur san áireamh.

Ní cheadaítear táirgí fíona a bhfuil TGFC 'Algarve' orthu a iompar lasmuigh de réigiún fíona 'Algarve' ach amháin má rinneadh iad a bhuidéalú agus a lipéadú. Toisc go bhfuil sé seo chun na ráthaíochtaí is gá a áirithiú maidir le tionscnamh na dtáirgí, tá príomh-ról ag imscrúdú agus rialú a d'fhéadfaí a chur i mbaol dá gceadófaí an fíon a iompar i mbulc agus a bhuidéalú lasmuigh den réigiún. Tá cáilíocht agus saintréithe an táirge seo rathaithe ag bearta éifeachtacha rialaithe agus imscrúdaithe d'fhonn calaois agus cleachtais neamhdhleathacha eile a chosc a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar an mbarántúlacht agus dochar a dhéanamh do thuairim tomhaltóirí gur táirge cáilíochta é. Dá lú raon feidhme den limistéar geografach an chur chun feidhme is éifeachtaí a bhíonn na bearta sin. Is rud cinntitheach d'éifeachtacht na n-oibríochtaí é a áirithiú go bhfuil na hoibríochtaí sin comhchruinnithe laistigh den limistéar táirgthe. Tá sé níos cinnte go n-áiritheofar na dálaí buidéalaithe is fearr más iad gnóthais bunaithe sa réigiún díobh siúd i dteideal an tásc geografach a úsáid agus ag feidhmiú faoina rialú díreach a dhéanann an buidéalú, ós rud é go bhfuil taithí speisialaithe acu agus, thairis sin fiú, sáreolas ar shaintréithe sonracha an fhíona atá i gceist agus nár cheart a bheith lagaithe nó caillte ag tráth an bhuidéalaithe. Tá údar leis an oibleagáid chun buidéalú a dhéanamh sa réigiún táirgthe, arb é is cuspóir di cáil iontach fhíonta 'Algarve' a chaomhnú trí rialú feabhsaithe maidir lena saintréithe sonracha agus a gcuid cáilíochta, a mhéid agus a chosnaíonn sí TGFC 'Algarve' as a mbaineann gach táirgeoir tairbhe agus atá an-tábhachtach dóibh. Is bealach riachtanach agus comhréireach é seo an cuspóir a chur i gcrích, i bhfianaise nach bhfuil aon bhearta malartacha nach bhfuil chomh srianta ar dócha é a bhaint amach, agus gur féidir cáil TGFC 'Algarve' a chur i mbaol gan an oibleagáid seo. Ná ní chonspóidtear gur féidir iompar fíona i mbulc srianadh tromchúiseach a chur ar a cháilíocht mura dtugtar faoi sna dálaí is fearr. Mura bhfuil na dálaí iompair foirfe, beidh an fíon nochta do laghdú ocsaídithe, rud a mhéadóidh de réir faid agus ar féidir cáilíocht an táirge a lagú. Beidh sé faoi réir an baol atá ann maidir le héagsúlachtaí i dteocht. Dá bhrí sin, ní féidir táirgeoirí barántúlacht an táirge a ráthú do thomhaltóirí ach amháin trí ráthú go ndéantar an táirge a bhuidéalú ag an áit tionscnaimh agus gur féidir leis an Comhlacht Deimhniúcháin rialú iomlán an tslabhra táirgeachta a áirithiú agus tionscnamh an táirge a fhianú.

Ranna leasaithe sa doiciméad aonair: 'Coinníollacha breise riachtanacha - Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe'.

Ranna leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Coinníollacha breise riachtanacha - Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

An Algarve

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

Cat. 1. Fíon

Cat 3. Fíon licéir

Cat. 4. Fíon súilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

Cat. 1 Fíon

Fíonta dearga - tá dath rúibín-gairnéad ar na fíonta dearga le déine datha idir measartha agus ard. Maidir leis an mboladh, bíonn dea-bholaithe de thorthaí aibí cosúil le plumaí dubha, le dea-bholaithe tánaisteacha de thorthaí dearga, adhmad agus torthaí triomaithe. Dea-bholadh de dhéine idir measartha agus ard. Milis, mín agus alcólach sa bhéal, le tathag mheánach agus marthanacht, aigéadacht íseal, searbhas íosta agus beagáinín géire.

Fíonta geala - Tá dath buí amhail tuí ar na fíonta geala le déine datha measartha. Maidir leis an mboladh, bíonn dea-bholadh de thorthaí aibí, torthaí trópaiceacha agus torthaí cloiche, le dea-bholaithe tánaisteacha de thorthaí citris agus torthaí bána. Dea-bholadh de dhéine measartha. Milis, mín agus alcólach sa bhéal, le tathag mheánach agus marthanacht, agus aigéadacht íseal.

Fíonta rosé - tá dath bándearg de dhéine measartha ar na fíonta rosé a tháirgtear ó fhíonchaora dearga a bhíonn beagáinín maothaithe. Tá siad aramatach, le dea–bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha den chuid is mó. Tá siad mín agus milis sa bhéal, le haigéadacht éadrom.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	11
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

Cat. 3 Fíonta licéir

Fíonta geala - bíonn dath ómrach ar na fíonta licéir geala tirime agus dea-bholadh de thorthaí triomaithe. Tá an blas go hiomlán tirim, casta agus galánta, le hiarbhlas fada. Tá dath órga ar na fíonta licéir geala milse, agus dea-bholaithe bláthacha, subhúla agus gnéithe den mhil acu.

Fíonta dearga - Tá dath an ghairnéid dhorcha ar na fíonta licéir dhearga, le dea-bholaithe de thorthaí triomaithe agus criostalaithe, an-snasta agus mín sa bhéal.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15,5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

Cat. 4 Fíon súilíneach

I dtéarmaí milseachta, brut, tirim nó meántirim a bhíonn iontu. Leis na fíonta níos óige léirítear dea-bholaithe bláthacha nó torthaíocha, fad a léirítear dea-bholaithe leis na fíonta níos aosaithe a thagann ó theagmháil níos faide a bheag nó a mhór leis an moirt a thagann ón dara coipeadh.

Fíonta geala - Tá dath buí amhail tuí ar na fíonta geala go ginearálta. Bíonn siad éadrom, séimh agus iontach torthaíoch de ghnáth.

Fíonta dearga - Tá dath an rúibín ar na fíonta dearga go ginearálta, agus iad ag éabhlóidiú chun bheith ina ton tópáis le haosú. Tá siad tirim, bog, tathagach agus torthaíoch le dea-bholaithe de thorthaí trópaiceacha agus aigéadacht íseal agus alcól inbhraite.

Fíonta rosé - Déanta as fíonchaora dearga a bhíonn beagáinín maothaithe, tá dath bándearg éadrom ar na fíonta rosé, agus boilgeoga míne ag cruthú sruth marthanach (*perlage*). Tá siad éadrom, séimh, beagán aigéadach, le dea-bholaithe saibhre, torthaíocha, agus blasanna de thorthaí dearga.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10,00
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíon oireachta**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

Maidir le fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Maidir leis an úrfhíon a úsáidtear le haghaidh fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir a tháirgeadh atá i dteideal TGFC 'Algarve', ní mór an cion 10 % neart alcóil nádúrtha íosta a bheith acu de réir toirte.

An modh saothraithe

Ní mór gurb ionann na cleachtais fáis a úsáidtear i bhfíonghoirt atá beartaithe le haghaigh táirgeacht fíonta atá i dteideal TGFC 'Algarve' agus dóibh siúd atá traidisiúnta sa réigiún nó atá molta ag an gCoimisiún um Fhionta Algarve. Ní mór do na fíniúnacha a bheith ina gcineálacha aonair agus treoraithe chun fás gar don talamh.

b. *Táirgeacht uasta*

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá ceantar iomlán Faro sa limistéar geografach comhfhreagrach do TGFC 'Algarve'.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Alfrocheiro - Tinta-Bastardinha

Alicante-Bouschet

Alicante-Branco

Alvarinho

Antão-Vaz

Aragonez - Tinta-Roriz; Tempranillo

Arinto - Pedernã

Baga

Bastardo - Graciosa

Bical - Borrado-das-Moscas

Cabernet-Sauvignon

Caladoc

Carignan

Castelão - João-de-Santarém(1); Periquita

Chambourcin

Chardonnay

Chasselas

Chenin - Chenin-Blanc

Cinsaut

Corropio

Códega-do-Larinho

Diagalves

Encruzado

Fernão-Pires - Maria-Gomes

Gewürztraminer

Gouveio

Grand-Noir

Grenache

Larião

Malvasia-Fina - Boal; Bual

Malvasia-Rei

Manteúdo

Manteúdo-Preto

Merlot

Monvedro

Moreto

Moscatel-Galego-Roxo - Moscatel-Roxo

Moscatel-Galego-Tinto

Moscatel-Graúdo - Moscatel-de-Setúbal

Mourisco-Branco

Negra-Mole

Perrum

Petit-Verdot

Pexem

Pinot-Noir

Rabigato

Rabo-de-Ovelha

Riesling

Sauvignon - Sauvignon-Blanc

Semillon

Sercial - Esgana-Cão

Syrah - Shiraz

Síria - Roupeiro, Códega

Tamarez - Molinha

Tannat

Terrantez

Tinta -Barroca

Tinta -Caiada - Pau-Ferro, Tinta-Lameira

Tinta -Carvalha

Tinta-Miúda

Tinto-Cão

Touriga-Franca

Touriga-Nacional

Trincadeira - Tinta-Amarela, Trincadeira-Preta

Trincadeira-das-Pratas

Tália - Ugni-Blanc; Trebbiano-Toscano

Verdelho

Vinhão - Sousão

Viognier

Viosinho

Zinfandel

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir

Tá an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus na táirgí bunaithe ar cháilíocht shonrach na saintréithe orgánaileipteacha atá inchurtha i leith an tionscnaimh gheografaigh, go háirithe an tionchar aeráide agus ithreach.

Tá feidhm ag saintréithe an limistéir gheografaigh (tosca nádúrtha agus daonna) maidir leis na fíonta, na fíonta súilíneacha agus na fíonta licéir.

Tosca nádúrtha

I dtéarmaí geografacha, tá an tAigéan Atlantach mar theorainn theas agus thiar leis an limistéar, le líne chósta 155 km ar fhad.

Ar an taobh thuaidh, teorannaítear é ag sliabhchóras fairsing ina bhfuil trí raon (Caldeirão, Monchique agus Espinhaço do Cão).

Is gnách go gcuirfear fíonghoirt atá oiriúnach chun críocha fíonta, fíonta licéir agus fíonta súilíneacha TGFC 'An Algarve' a tháirgeadh ar ithreacha cailcreacha.

Réigiún is ea é le haeráid mhuirí séimh (tionchar an Aigéin Atlantaigh) a bhíonn te agus tirim freisin, mar gheall ar na sléibhte lonnaithe ar an taobh thuaidh. Faigheann an réigiún níos mó ná 3 000 uair an chloig gréine gach bliain, go háirithe sna míonna roimh an mbuaint.

Ar an taobh eile, bíonn an mheánbháisteach réasúnta íseal, thart ar 575 mm in aghaidh na bliana.

Tosca daonna

Tá fíonsaothrú agus fíonóireacht ar siúl sa limistéar geografach le haghaidh TGFC 'Algarve' le breis agus 2 500 bliain.

Tá saintréithe na bhfíonta bunaithe ar roghnú cúramach na gcineálacha agus ar an bhfíoras go ndeachaigh siad in oiriúint go maith don aeráid agus do na hithreacha sa réigiún. Mar gheall air sin, agus anuas ar an saineolas a fuarthas i gcaitheamh na mblianta, fuarthas taithí níos déanaí le cineálacha a bhfuil próifíl níos idirnáisiúnta agus le cineálacha traidisiúnta dúchasacha, as a dtagann athbheochan modhanna traidisiúnta (e.g. 'palhetes' agus 'claretes'), nuálaíocht agus níos tábhachtaí fós, cáilíocht agus comhsheasmhacht níos airde. Chuir an éagsúlacht seo go mór le saintréith shuntasach tipiciúla fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir TGFC 'Algarve'.

Baineann saintréithe sonracha na dtáirgí leis an limistéar geografach:

Tá na fíonta mín, milis agus alcólach, le haigéadacht íseal.

Tá na fíonta licéir aramatach, casta agus galánta, le halcól inbhraite, iarbhlas fada sa bhéal agus aigéadacht éadrom.

Tá na fíonta súilíneacha aramatach, mín agus fíneáilte, le haigéadacht íseal, alcól inbhraite, agus boilgeoga míne ag cruthú sruth marthanach (perlage).

Nasc leis an limistéar geografach

Baineann an nasc leis an limistéar geografach leis na fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir.

Tá an sliabhchóras a chruthaíonn teorainn an limistéir gheografaigh mar bhacainn chosanta in aghaidh na ngaoithe aduaidh. Cuireann an cósta muirí fairsing ó dheas le haeráid a bhfuil saintréithe na Meánmhara aici agus tionchar an Atlantaigh.

Le tionchar suntasach an rilífe agus an tsuímh gheografaigh, tá na gnáthchoinníollacha aeráide (báisteach íseal agus uaireanta fada gréine, go háirithe sa samhradh) thar a bheith tairbhiúil do shintéis agus tiomargadh siúcraí, forbairt na gcomhdhúile teirpéine atá mar réamhbheartaithe do na dea-bholaithe, agus comhchruinniú na gcomhdhúile datha sna craicne fíonchaor.

Tá solas láidir na gréine agus na teochtaí airde, go háirithe sna míonna roimh an mbuaint, ina dtosca cinntitheacha in aibiú foirfe na bhfíonchaor. Léirítear é seo go díreach i gcáilíocht na bhfíonta (míne, milseacht agus léiriú aramatach iomlán na gcineálacha fíonchaor) sna trí chatagóir táirge uile: fíonta, fíonta licéir agus fíonta súilíneacha.

Tá ról cinntitheach ag na teochtaí airde atá mar shaintréithe na haeráide sa réigiún, le héagsúlachtaí teochta ísle, san aigéadacht íseal dá bhfuil cáil ag fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir TGFC 'Algarve' ina leith.

Cuirtear fíniúnacha atá oiriúnach chun críocha fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir TGFC 'An Algarve' a tháirgeadh in ithreacha cailcreacha go ginearálta, a fhágann gur féidir rialú níos fearr ar neart fíniúnacha agus sláinte na bhfíonchaor a bheith ann.

A bhuí le saintréithe na hithreach, an nochtadh don ghrian, an aeráid agus an timpeallacht sléibhtiúil sa tuaisceart, tionchar na mara agus na tosca daonna is cúis leis na cleachtais fáis agus roghnú na gcineálacha, cuireann fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir TGFC 'An Algarve' réimse leathan saintréithe i láthair i dtéarmaí saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha agus datha.

Tá tábhacht chinntitheach ag baint leis an toisc dhaonna, a chaomhnaíonn traidisiúin a théann siar na mílte bliain agus atá léirithe i rogha na gcineálacha atá dulta is fearr in oiriúint do na dálaí sa limistéar geografach maidir le fíonchaora a tháirgeadh a thugann a saintréithe suaithinseacha do na fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir. Tá tábhacht chinntitheach ag baint leis na cineálacha atá oiriúnach chun críocha fíonta, fíonta licéir agus fíonta súilíneacha TGFC 'An Algarve' a tháirgeadh i dtéarmaí cáilíochta go háirithe maidir leis na dea-bholaithe agus na blasanna.

Tá an nasc idir saintréithe fíonta, fíonta licéir agus fíonta súilíneacha TGFC 'Algarve' agus an limistéar geografach ann mar gheall ar shaintréithe uathúla na hithreach agus na haeráide sa réigiún chomh maith leis an bpróiseas fíonóireachta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Fíonta a bhfuil TGFC 'Algarve' acu

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Measúnú réamh-mhargaidh ar an lipéadú.

Léiriú éigeantach ar an lipéad atá sa mharc.

Fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Leis an Ordú Cur Chun Feidhme ón Aire Uimh. 72/2014 cuirtear cosc ar fhíon a bhfuil TGFC 'Algarve' air as réigiún fíona Algarve a fhágáil i mbulc. Níor cheart don táirge an réigiún a fhágáil ach amháin má rinneadh é a bhuidéalú roimh ré laistigh den réigiún geografach sin.

Ní cheadaítear táirgí fíona a bhfuil TGFC 'Algarve' orthu a iompar lasmuigh de réigiún fíona 'Algarve' ach amháin má rinneadh iad a bhuidéalú agus a lipéadú. Toisc go bhfuil sé seo chun na ráthaíochtaí is gá a áirithiú maidir le tionscnamh na dtáirgí, tá príomh-ról ag imscrúdú agus rialú a d'fhéadfaí a chur i mbaol dá gceadófaí an fíon a iompar i mbulc agus a bhuidéalú lasmuigh den réigiún.

Tá cáilíocht agus saintréithe an táirge seo rathaithe ag bearta éifeachtacha rialaithe agus imscrúdaithe d'fhonn calaois agus cleachtais neamhdhleathacha eile a chosc a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar an mbarántúlacht agus dochar a dhéanamh do thuairim tomhaltóirí gur táirge cáilíochta é. Dá lú raon feidhme den limistéar geografach an chur chun feidhme is éifeachtaí a bhíonn na bearta sin. Is rud cinntitheach d'éifeachtacht na n-oibríochtaí é a áirithiú go bhfuil na hoibríochtaí sin comhchruinnithe laistigh den limistéar táirgthe.

Tá sé níos cinnte go n-áiritheofar na dálaí buidéalaithe is fearr más iad gnóthais bunaithe sa réigiún díobh siúd i dteideal an tásc geografach a úsáid agus ag feidhmiú faoina rialú díreach a dhéanann an buidéalú, ós rud é go bhfuil taithí speisialaithe acu agus, thairis sin fiú, sáreolas ar shaintréithe sonracha an fhíona atá i gceist agus nár cheart a bheith lagaithe nó caillte ag tráth an bhuidéalaithe.

Tá údar leis an oibleagáid chun buidéalú a dhéanamh sa réigiún táirgthe, arb é is cuspóir di cáil iontach fhíonta 'Algarve' a chaomhnú trí rialú feabhsaithe maidir lena saintréithe sonracha agus a gcuid cáilíochta, a mhéid agus a chosnaíonn sí TGFC 'Algarve' as a mbaineann gach táirgeoir tairbhe agus atá an-tábhachtach dóibh. Is bealach riachtanach agus comhréireach é seo an cuspóir a chur i gcrích, i bhfianaise nach bhfuil aon bhearta malartacha nach bhfuil chomh srianta ar dócha é a bhaint amach, agus gur féidir cáil TGFC 'Algarve' a chur i mbaol gan an oibleagáid seo.

Ná ní chonspóidtear gur féidir iompar fíona i mbulc srianadh tromchúiseach a chur ar a cháilíocht mura dtugtar faoi sna dálaí is fearr. Mura bhfuil na dálaí iompair foirfe, beidh an fíon nochta do laghdú ocsaídithe, rud a mhéadóidh de réir faid agus ar féidir cáilíocht an táirge a lagú. Beidh sé faoi réir an baol atá ann maidir le héagsúlachtaí i dteocht.

Dá bhrí sin, ní féidir táirgeoirí barántúlacht an táirge a ráthú do thomhaltóirí ach amháin trí ráthú go ndéantar an táirge a bhuidéalú ag an áit tionscnaimh agus gur féidir leis an Comhlacht Deimhniúcháin rialú iomlán an tslabhra táirgeachta a áirithiú agus tionscnamh an táirge a fhianú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.ivv.gov.pt/np4/8616.html